# An Binse Comhionannais

# Tuarascáil Bhliantúil 2012

**Arna tíolacadh don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUas. Richard Bruton, T.D., de réir alt 75(8) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 go 2008.**

| Clár | Leathanach |
|---|---|
| Misean, Sainordú agus Luachanna an Bhinse Comhionannais | **3** |
| Tuarascáil an Stiúrthóra | **4** |
| Seirbhísí an Bhinse sa bhliain 2012 | **6** |
| Comhionannas Fostaíochta | **7** |
| Stádas Comhionann | **9** |
| An tSeirbhís Idirghabhála | **11** |
| Seirbhísí Tacaíochta sa bhliain 2012 | **12** |
| Aguisíní | |
| 1 Airgeadas | **17** |
| 2 Fóram Comhairliúcháin | **19** |
| 3 Cairt Eagrúcháin | **20** |

# Ár Misean

Cur le sochaí níos cothroime trí fhóram cothrom, inrochtaine agus neamhchlaonta a chur ar fáil chun idirdhealú neamhdhleathach a leigheas.

# Ár Sainordú

Bunaíodh an Binse Comhionannais leis an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus, leis an Acht sin, soláthraítear creat reachtúil trína ndéanaimid idirghabháil agus/nó imscrúdú de réir fhorálacha an Achta maidir le héilimh a bhaineann le hidirdhealú neamhdhleathach. Tá athruithe éagsúla déanta ar an reachtaíocht ón tráth a bunaíodh an Binse agus tá freagracht uathúil orainn anois as idirghabháil agus imscrúdú a dhéanamh faoin reachtaíocht seo a leanas maidir le gearáin a bhaineann le hidirdhealú neamhdhleathach:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 - 2011
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 -2012
- Achtanna na bPinsean 1990-2008.

# Ár Luachanna

Ón tráth a bunaíodh an Binse, tá sé ag iarraidh sraith croíluachanna a léiriú ar luachanna iad trína soláthraítear tacaíocht dá Ráiteas Misin a chur i bhfeidhm agus atá mar bhonn taca don tslí inar mian leis an mBinse go n-oibreoidh a chuid seirbhísí. Leanfaimid dár dtreoir a ghlacadh ó na bunphrionsabail seirbhíse atá leagtha amach inár gcéad dá Ráiteas. Ina measc sin, áirítear na nithe seo a leanas:

### Maidir le Seirbhís

Gairmiúlacht

Neamhchlaontacht

Inrochtaineacht

Tráthúlacht

### Maidir leis an bhFoireann

An oiliúint agus forbairt is fearr is féidir

Comhoibriú

### Maidir leis an Rialtas

Costas-éifeachtacht agus luach ar airgead

Díospóidí maidir le hidirdhealú a réiteach ar shlí neamhchlaonta

# Tuarascáil an Stiúrthóra

I mí Iúil 2011, d'fhógair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta clár dírithe ar athchóiriú radacach a dhéanamh ar struchtúir agus creataí an Stáit maidir le caidrimh san ionad oibre/cearta fostaíochta agus caidrimh tionscail.

Déanfar foráil sa Chlár structúr dhá shraith i gcóir Caidreamh san Ionad Oibre a chruthú trí ghníomhaíochtaí an Bhinse Comhionannais, An tÚdaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta, an Coimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus feidhmeanna céadchéime An Chúirt Oibreachais agus an Binse Achomhairc Fostaíochta a chumasc le Comhlacht Céadchéime nua a chruthú - an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (CCIO). Méadófar an Cúirt Oibreachais agus beidh feidhmeanna achomhairc an Bhinse Achomhairc Fostaíochta mar chuid de.

Seirbhís caidreamh san ionad oibre den scoth agus creat cearta fostaíochta a sholáthar a dhéanfaidh freastal ar riachtanais fostóirí agus fostaithe araon agus an luach ar airgead is fearr, atá mar aidhm iomlán don Chlár Leasaithe um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Tá na athchóirithe á spreagadh ag an gá le feabhas a dhéanamh ar sheirbhís do chustaiméirí i gcomhthéacs an castacht aitheanta, na riaráistí agus na moilleanna atá sa chóras chun casaoid agus díospóidí a réiteach, agus luach níos fearr a fháil ar airgead an cháiníocóra, ag cuimhneamh ar na sriantachtaí airgeadais reatha agus an gá le hinstitiúidí a réasúnú i gcomhthéacs plean an Rialtais um athchóiriú na seirbhíse poiblí.

I rith na blaina 2012, déanadh dul chun cinn suntasach ar forfheidhmiú pleananna an Aire.

Seoladh Foirm Gearáin coiteann ar 3 Eanair 2012 agus úsáidtear í anois le haghaidh gach gearán, gearáin Comhionannais ina measc, a thaiscítear le Seirbhís Chustaiméara an Seirbhís um Chaidreamh san Ionad Oibre.

Tá forbairt á dhéanamh ar pointe tadhaill/iontrála coiteann le haghaidh gach iarratas ar eolas maidir le fostaíocht agus comhionannas, agus gearáin i dtaobh fostaíocht agus cearta comhionannais, éilimh agus tarchuir. Cuireadh tús le Seirbhís Chustaiméara an

Seirbhís um Chaidreamh san Ionad Oibre ar 3 Eanair 2012 agus seoladh suíomh gréasáin sealadach an lá céanna.

D'fhoilsigh an Aire Treoirphlean ar an 5 Aibreán 2012 a leag amach a chuid moltaí athchóiriúcháin go mion. Tá deireadh curtha anois le comhairliúcháin inmheánacha agus tugadh Plean Foirne agus Struchtúir chun críche i mí na Nollag 2012.

D'fhógair an Rialtas ar an 16 Feabhra 2012 go raibh sé beartaithe moltaí an Athbhreithniú ar Thionscadail Áirithe faoi Chlár um Dhílárú na Seirbhíse Poiblí, a tugadh chun críche ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcomhar leis an OOP agus na Ranna Rialtais iomchuí, a chur i bhfeidhm. Ina measc, bhí dúnadh Oifig Phort Laoise an Bhinse Comhionannais agus aistriú a chuid feidhmeanna chuig an oifig i mBaile Átha Cliath. Dúnadh an oifig i bPort Laoise i mí na Nollag 2012. Déanadh ath-imlonnú chuig oifigí eile i Réigiún Lár na Tíre ar na baill foirne narbh mian leo aistriú go Baile Átha Cliath. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as as a dtiomantas don Bhinse, le gach dea-ghuí don todhcaí.

Mar chuid den phróiseas athchóirithe a d'fhormheas an Rialtas ar an 18 Nollaig 2012, aistríodh an Binse Comhionannais go dtí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le feidhm ón 1 Eanair 2013. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as an tacaíocht a thug sí don Bhinse.

Tháinig laghdú ceathrar i líon na n-Oifigigh Chomhionannais agus Oifigigh Chomhionannais Idirghabhála i rith na bliana 2012. Bhí droch-thioncar ag an laghdú seo ar tháirgeacht an Bhinse i rith na bliana 2012. De thoradh, cé go raibh líon na gcásanna a tarchuireadh mar an gcéanna le 2011, thit líon na gcásanna a dúnadh ó 940 go 847. Bhí 1169 cás idir lámha ar an 31/12/2012, laghdú de 204 le linn na bliana.

Niall McCutcheon,
Stiúrthóir
Nollaig 2013.

# Seirbhísí an Bhinse sa bhliain 2012

*Nóta: Tá an fhaisnéis staitistiúil go léir atá sna táblaí agus sna cairteanna sa chaibidil seo á tabhairt mar chásanna grúpáilte seachas mar éilimh aonair. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh níos mó ná gearánach nó freagróir amháin a bheith i gceist le gach cás ar leith. Ina theannta sin, bhí roinnt saincheisteanna i gceist ina lán cásanna e.g. pá comhionann, dífhostú, ciapadh.*

## Tréchur gearáin sa bhliain 2012

| Gearáin | Comhionannas Fostaíochta & Pinsin | Stádas Comhionann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Idir lámha 31/12/2011 | **1,179** | **194** | **1,373** |
| Tarchuir déanta sa bhliain 2012 | **538** | **133** | **671** |
| Gearáin dúnta sa bhliain 2012 | **731** | **146** | **877** |
| **Idir lámha 31/12/2012** | **987** | **181** | **1,169** |

- Laghdú 16 % ar an líon gearáin Fostaíochta idir lámha ag deireadh 2012 i gcomparáid le 2011
- Laghdú foriomlán 15% ar an líon gearáin idir lámha ag deireadh 2012

## Cásanna a tarchuireadh chuig an mBinse sna blianta 2011 agus 2012

| Cásanna a tarchuireadh | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta & Achtanna na bPinsean | **517** | **538** | **+4%** |
| Na hAchtanna um Stádas Comhionann | **154** | **133** | **-14%** |
| **Líon foriomlán na gcásanna a tarchuireadh** | **671** | **671** | **0%** |

- Rinne níos mó ná 760 duine gearáin chuig an mBinse sa bhliain 2012
- Rinneadh 8 ghearán sa bhliain 2012 faoi Achtanna na bPinsean (4 sa bhliain 2011)

### Torthaí na mblianta 2010 agus 2011

| Torthaí | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| **Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta & Achtanna na bPinsean** | **788** | **731** | **-7%** |
| • Cinntí | **267** | **202** | **-24%** |
| • Comhaontuithe ar bhonn idirghabhála | **53** | **68** | **+28%** |
| • Cásanna a dúnadh ar shlí eile | **468** | **461** | **-1%** |
| **Na hAchtanna um Stádas Comhionann** | **152** | **146** | **-4%** |
| • Cinntí | **67** | **46** | **-31%** |
| • Comhaontuithe ar bhonn idirghabhála | **16** | **20** | **+25%** |
| • Cásanna a dúnadh ar shlí eile | **69** | **80** | **+16%** |
| **Torthaí foriomlána** | **940** | **877** | **-7%** |

- Laghdú 24% ar Chinntí
- Méadú 26% ar Chomhaontuithe ar bhonn Idirghabhála
- Laghdú foriomlán 7% ar chásanna a dúnadh
- Níor eisíodh aon chinneadh sa bhliain 2012 i gcás gearán a tarchuireadh faoi Achtanna na bPinsean

# Comhionannas Fostaíochta

### Forais le tarchur (Comhionannas Fostaíochta agus Pinsin) 2011 agus 2012

| Miondealú de réir an Fhorais | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| Aois | 42 | 48 | **+14%** |
| Míchumas | 88 | 87 | **-1%** |
| Stádas Teaghlaigh | 23 | 23 | **0%** |
| Inscne | 64 | 62 | **-3%** |
| Stádas Sibhialta | 1 | 14 | **+1300%** |
| Cine | 137 | 103 | **-25%** |
| Creideamh | 1 | 2 | **+100%** |
| Gnéaschlaonadh | 1 | 4 | **+300%** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Lucht Siúil | 1 | 1 | **0%** |
| Ilfhorais * | 145 | 151 | **+4%** |
| Ní liostaítear aon fhorais | 14 | 43 | **+207%** |
| **Iomlán** | **517** | **538** | **+4%** |

* I gcás ina ndéantar éileamh faoi níos mó ná foras amháin, ní áirítear é i ngach ceann de na forais ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe ach áirítear é sa chatagóir "Ilfhorais" agus sa chatagóir sin amháin.

- Ba é an foras cine i gcónaí an foras ba mhinice a luadh, cé gur laghdaigh an chatagóir seo go tobann.
- Bhí méadú 4% ann i dtaca le cásanna CF a tarchuireadh
- Bhí laghdú 26% ann i dtaca le cásanna Cine
- Tharchuir iomlán de 588 duine cásanna i dtaobh Comhionannas Fostaíochta chuig an Bhinse sa bhliain 2012.

## Torthaí (Comhionannas Fostaíochta agus Pinsin) do na blianta 2011 agus 2012

| Cásanna maidir le Comhionannas Fostaíochta agus maidir le Pinsin | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| **Cinntí a Eisíodh** | **267** | **202** | **-24%** |
| • I bhfabhar Gearánaigh | **54** | **54** | |
| • I bhfabhar Freagróra | **208** | **143** | |
| • Réamhchinntí | **0** | **0** | |
| • Gan dlínse | **5** | **5** | |
| **Comhaontuithe ar bhonn idirghabhála** | **53** | **68** | **+28%** |
| **Torthaí eile** | **468** | **461** | **-1%** |
| • Neamh-inghlactha | **28** | **24** | |
| • Lasmuigh den teorainn ama | **15** | **15** | |
| • Díbhe | **47** | **30** | |
| • Tarraingt siar | **325** | **352** | |
| • Níor saothraíodh | **32** | **22** | |
| • Dúnadh tar éis idirghabháil a dhéanamh | **21** | **18** | |
| **Iomlán** | **788** | **731** | **-7%** |

- Rinne Oifigigh Chomhionannais cinneadh i bhfábhar an ghearánaigh i dtuairim is 27% de na cásanna.
- Rinne an tSeirbhís Idirghabhála 68 cás Comhionannais Fostaíochta a thabhairt chun críche trí chomhaontú sa bhliain 2012, agus dúnadh 18 cás eile ag an gcéim Idirghabhála
- Níor eisíodh aon chinneadh sa bhliain 2012 i gcás gearán faoi Achtanna na bPinsean.
- Sa bhliain 2012 bhí meánfhad de 68 lá ó dáta an éisteachta go dáta eisiúna Cinneadh i dtaobh gearán fostaíochta.

### Dámhachtainí agus Ordacháin

- Rinneadh suim iomlán €1,202,244 (gan cásanna pá comhionainn agus riaráistí pá etc. a áireamh) a dhámhadh mar chúiteamh i gcásanna inar cinneadh go raibh idirdhealú ann.
- Ba é a bhí sa mheán-dámhachtain ná €16,247 i gcomparáid le €12,993 sa bhliain 2011.
- Bhí dámhachtainí sa raon ó €500 go €315,000.
- I gcásanna áirithe bhain Oifigigh Chomhionannais úsáid as a gcumhacht gníomh a ordú a chabhródh idirdhealú a chosc sa todhchaí.

**Féadfar go gairid forléargas ar thorthaí agus ar shásamh sna cásanna go léir a cinneadh a fháil in Athbhreithniú Dlíthiúil an Bhinse 2012.**

## Stádas Comhionann

### Forais le tarchur (Stádas Comhionann) sna blianta 2011 agus 2012

| Miondealú de réir an Fhorais | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| Aois | **6** | **6** | 0% |
| Míchumas | **36** | **31** | -14% |
| Stádas Teaghlaigh | **4** | **4** | 0% |
| Inscne | **6** | **3** | -50% |
| Stádas Pósta | **3** | **2** | -33% |
| Cine | **26** | **31** | +19% |
| Creideamh | **4** | **1** | -75% |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gnéaschlaonadh | **3** | **1** | -66% |
| An Lucht Siúil | **31** | **22** | -29% |
| Ilfhorais * | **32** | **30** | -6% |
| Ní liostaítear aon fhorais | **3** | **2** | -33% |
| **Iomlán** | **154** | **133** | **-14%** |

** I gcás ina ndéantar éileamh faoi níos mó ná foras amháin, ní áirítear é i ngach ceann de na forais ar a bhfuil an t-éileamh bunaithe ach áirítear é sa chatagóir "Ilfhorais" agus sa chatagóir sin amháin.*

- Laghdú 14% ar an líon cásanna a tarchuireadh sa bhliain 2012
- Ba iad Míchumas, Lucht Siúil agus Cine na forais ba mhinice a luadh
- Rinne 177 duine san iomlán gearáin a tharchur chuig an mBinse sa bhliain 2012

## Torthaí (SC) do na blianta 2011 agus 2012

| Cásanna maidir le Stádas Comhionann | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| **Cinntí a Eisíodh** | **67** | **46** | **-31%** |
| • I bhfabhar Gearánaigh | **23** | **9** | |
| • I bhfabhar an Fhreagróra | **39** | **36** | |
| • Réamhchinntí | **0** | **0** | |
| • Gan dlínse | **5** | **1** | |
| **Comhaontuithe ar bhonn idirghabhála** | **16** | **20** | **+25%** |
| **Torthaí eile** | **69** | **80** | **+16%** |
| • Neamh-inghlactha | **34** | **18** | |
| • Lasmuigh den teorainn ama | **7** | **10** | |
| • Díbhe | **4** | **16** | |
| • Tarraingt siar | **19** | **30** | |
| • Níor saothraíodh | **2** | **3** | |
| • Dúnadh tar éis idirghabháil a dhéanamh | **3** | **3** | |
| **Iomlán** | **152** | **146** | **-6%** |

- Rinne Oifigigh Chomhionannais cinneadh i bhfábhar an ghearánaigh i dtuairim is 20% de na cásanna.
- Rinne an tSeirbhís Idirghabhála 20 cás Stádas Comhionann a thabhairt chun críche trí chomhaontú sa bhliain 2012
- Sa bhliain 2012 bhí meánfhad de 96 lá ó dáta an éisteachta go dáta eisiúna Cinneadh i dtaobh gearán Stádas Comhionann.

### Dámhachtainí agus Ordacháin

€6,349 is ea an dámhachtain is airde faoi Na hAchtanna um Stádas Comhionann.

- Rinneadh suim iomlán €20,848 a dhámhadh mar chúiteamh i gcásanna inar cinneadh go raibh idirdhealú ann.
- Ba é a bhí sa mheán-dámhachtain ná €2,316 i gcomparáid le €2,522 sa bhliain 2011.
- Bhí dámhachtainí sa raon ó €250 go €6,348.

I roinnt cásanna d'úsáid Oifigigh Chomhionannais a gcumhacht chun gníomh a ordú a chabhródh idirdhealú a chosc sa todhchaí.

**Is féidir forléargas ar thorthaí agus ar shásamh sna cásanna go léir a cinneadh a fháil in Athbhreithniú Dlíthiúil an Bhinse 2012.**

## An tSeirbhís Idirghabhála

### Gnó Idirghabhála 2012

- Eisíodh 458 cuirí Idirghabhála i rith na bliana 2012
- Tionóladh 250 seisiúin Idirghabhála, a bhfuil 28 dóibh siúd leanúnach ag deireadh 2012
- Tuairiscíodh 232 torthaí Idirghabhála i rith na bliana 2012
- Is ionann sin agus 39% de na cásanna go léir a tarchuireadh sa bhliain 2012, rud a léiríonn méadú ar an 31% a ndearnadh idirghabháil ina leith sa bhliain 2011
- Ag an bpointe seo bhí 26 cás dúnta de na 198 cuirí Idirghabhála a diúltaíodh.

### Torthaí na hIdirghabhála do na blianta 2011 agus 2012

| Seisiúin Idirghabhála | 2011 | 2012 | |
|---|---|---|---|
| **Cásanna a Réitíodh tráth na hIdirghabhála** | **69** | **88** | +27% |
| • Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta & Achtanna na bPinsean | **53** | **68** | |
| • Na hAchtanna um Stádas Comhionann | **16** | **20** | |
| **Cásanna nár Réitíodh tráth na hIdirghabhála** | **26** | **21** | |
| • Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta & Achtanna na bPinsean | **22** | **17** | |
| • Na hAchtanna um Stádas Comhionann | **4** | **4** | |
| **Cásanna nár réitíodh ach nár leanadh ar aghaidh leo chuig céim an imscrúdaithe** | **33** | **21** | |
| • Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta & Achtanna na bPinsean | **30** | **18** | |
| • Na hAchtanna um Stádas Comhionann | **3** | **3** | |
| **Cásanna nár Réitíodh tráth na hIdirghabhála agus a d'fhill ar chéim an imscrúdaithe** | **78** | **102** | |
| • Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta & Achtanna na bPinsean | **67** | | |
| • Na hAchtanna um Stádas Comhionann | **11** | | |
| **Iomlán** | **206** | **232** | +13% |

- Tháinig 38% de cásanna chun críche le Comhaontú Idirghabhála sínithe i rith na bliana 2012
- Dúnadh 9% i rith na hIdirghabhála.
- Chomh maith leis sin, níor leanadh ar aghaidh chuig céim an inscrúdaithe maidir le 17% de cásanna nár réitíodh i ndiaidh an seisiúin Idirghabhála.
- Ina iomláine, dúnadh 56% de na cásanna a tarchuireadh chun Idirghabháil de thoradh ar phróiseas na hIdirghabhála.

# Seirbhísí Tacaíochta sa bhliain 2012

## Bainistíocht Airgeadais

Déantar an Binse Comhionannais a mhaoiniú as an Státchiste tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Thabhaigh an Binse caiteachas iomlán €2.26m i rith na bliana 2012. Ba é a bhí sa tsuim sin ná €1.76m i leith pá agus €0.5m i leith neamh-phá. Chomh maith lena chuid tairiscintí féin a eagrú bhain an Binse leas as íostarraingt ónár máthair-Roinn i réimsí amhail oiliúint, soláthairtí oifige agus trealamh. Faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra, déanann Coiste Buiséid inmheánach faireachán leanúnach agus athbhreithniú míosúil ar chaiteachas.

*Chun mionsonraí a fháil, féach Aguisín 1: Tuarascáil Airgeadais don bhliain 2012.*

## Seirbhís do Chustaiméirí

I gCairt an Bhinse maidir le Seirbhís do Chustaiméirí leagtar amach ár ngealltanas i leith seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí, ar seirbhís í atá bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí na Seirbhíse Poiblí agus ar Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse ar cód é lena dtacaíonn an Rialtas. Measann an Binse gur chomhlíon sé na gealltanais ar tugadh fúthu sa Chairt maidir le Seirbhís do Chustaiméirí. Lean an Binse dá nósanna imeachta maidir le gearáin a oibriú.

## Oiliúint agus Forbairt

Lean an Binse Comhionannais dá chlár oiliúna ar clár é atá ceaptha chun saineolas na nOifigeach Comhionannais éagsúil a chomhthiomsú agus na scileanna garbhreithiúnacha, anailíseacha agus dlíthiúla atá acu a fheabhsú. Le linn na bliana 2012, seoladh ceardlanna inmheánacha ar ghnéithe éagsúla de dhlí an chomhionannais agus ar réimsí gaolmhara de dhlí na hÉireann agus de dhlí an Chomhphobail Eorpaigh.

Tacaíonn an Binse go mór le daoine atá ag iarraidh cáilíochtaí acadúla breise iomchuí a fháil. De bhreis ar cháilíochtaí foirmiúla a shaothrú nó a bhaint amach, rinne Oifigigh Chomhionannais de chuid an Bhinse clár leantach oiliúna in-tí a shaothrú freisin.

Rinne an fhoireann tacaíochta oiliúint fhadréimseach chun a chumasú dóibh seirbhís ghairmiúil riaracháin a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus do chustaiméirí seachtracha. Mar gheall ar an raon fiosrúchán lena ndéileálann an Binse ó lá go lá, tá sé riachtanach go mbeadh eolas maith ginearálta ag an bhfoireann tacaíochta faoi oibriú na nAchtanna agus go mbeidís ar an eolas faoi na saincheisteanna agus faoi na hábhair a thagann chun cinn i réimse an chomhionannais, agus tá sé riachtanach chomh maith go mbeadh dearcadh gairmiúil acu i ndáil le nithe a bhaineann le riarachán, le cumarsáid agus le seirbhís do chustaiméirí. Dá bhrí sin, áirítear na nithe seo a leanas san oiliúint don fhoireann tacaíochta: buneolas faoin reachtaíocht, Scileanna Seirbhíse Custaiméara, Scileanna Cumarsáide, chomh maith le hOiliúint atá riachtanach maidir le Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise, maidir le Sláinte agus Sábháilteacht, agus maidir le Feasacht.

Lean ár máthair-Roinn de thacaíocht a sholáthar d'fhoireann an Bhinse ar mhodh oiliúna agus forbartha Státseirbhíse de chineál ginearálta arna sainaithint trí oibriú CBFF.

Ba é a bhí sa chaiteachas díreach ar oiliúint sa bhliain 2012 ná €30,000 agus is ionann an figiúr sin agus 2% de na costais dhíreacha párolla. Níl caiteachas arna thabhú ag ár máthair-Roinn ná oiliúint státseirbhíse de chineál ginearálta san áireamh sa tsuim sin.

## Inrochtaineacht

Sa bhliain 2010, lean an Binse Comhionannais den leibhéal is airde inrochtaineachta is féidir a chinntiú san áitreabh oifige i Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath 2. Tá seirbhísí an Bhinse saor in aisce. Ní gá do pháirtithe i ndíospóid ionadaíocht dhlíthiúil a bheith acu chun leas a bhaint as na seirbhísí sin.

Soláthraíonn an Binse oifigí agus seomraí cruinnithe atá nua-aimseartha agus inrochtana agus a chomhlíonann go hiomlán caighdeáin cheirde, sláinte agus sábháilteachta. Tá raon teicneolaíochta ag an mBinse, rud a chuireann feabhas ar inrochtaineacht agus a thugann cabhair maidir le seirbhís agus saoráidí ardchaighdeáin a sholáthar dár bhfoireann agus dár gcustaiméirí, lena n-áirítear doiciméid i mBraille agus i gclos-fhormáid fuaime, rochtain iomlán do chathaoireacha rotha agus ateangaireacht sa teanga chomharthaíochta agus i dteangacha eile nuair a lorgaítear iad, agus seomraí éisteachta ina bhfuil aerchóiriúchán agus trealamh "deaftech" do chliaint lagéisteachta. I gcás custaiméirí atá lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, thaistil Oifigigh Chomhionannais agus Idirghabhálaithe chuig éisteachtaí sa bhliain 2012 i líon mór ionad éagsúil de réir mar a d'oir do ghearánaigh agus do fhreagróirí. Mar thoradh ar shriantachtaí buiséadacha, rinne an Binse comhdhlúthú ar a chuid éisteachtaí seachtracha ag líon beag ionad.

Cothabhálann an Binse láithreán gréasáin inrochtana, eolasach, cothrom le dáta ag ***www.equalitytribunal.ie*.**

## Foilseacháin

I rith na bliana 2012 d'fhoilsigh an Binse na doiciméid seo a leanas ar a suíomh idirlíne–

- ✓ Tuarascáil Bhliantúil 2011
- ✓ Athbhreithniú Dlíthiúil 2011

Tá cóipeanna de bhileoga faisnéise ar fáil i gcló mór, i mBraille nó ar chlostéip ach iad a iarraidh agus i nGaeilge, i bhFraincis, i Rúisis, i bPolainnis agus i Sínis ag an bhfáiltiú, leis an bpost agus ar an suíomh idirlíne.

*Is féidir na foilseacháin go léir a íoslódáil ó shuíomh idirlíne an Bhinse ag* ***www.equalitytribunal.ie*.**

## Cumarsáid

De réir mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht, rinne an Binse na Cinntí go léir a eisíodh i rith na bliana a fhoilsiú sna meáin agus ar an suíomh idirlíne araon.
Rinne an Stiúrthóir, an Comhairleoir Dlí agus na Cinn Aonaid cur i láthair ar fheidhmeanna agus ar chásdlí an Bhinse a thabhairt do roinnt eagraíochtaí in Éirinn agus i bhfóraim idirnáisiúnta i rith na bliana 2012.

## Fóram Comhairliúcháin

Tá an Fóram Comhairliúcháin comhdhéanta d'ionadaithe ó phríomhghrúpaí custaiméirí an Bhinse. Is é an príomhfhócas atá aige ná sásra a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara inar féidir a dtuairimí a chur san áireamh ar modh réalaíoch i dtaca leis na nósanna imeachta atá ann chun scrúdú a dhéanamh ar éilimh maidir le hidirdhealú neamhdhleathach. Soláthraíonn sé fóram chun saincheisteanna maidir le hinrochtaineacht agus seirbhís do chustaiméirí a phlé agus a réiteach. Ina theannta sin soláthraíonn sé aiseolas luachmhar ar oibríochtaí an Bhinse agus ar éifeachtacht ár seirbhíse do chustaiméirí. Déantar feidhmeanna gar-bhreithiúnacha na hoifige a eisiamh ón bplé de bharr ról reachtúil neamhspleách an Stiúrthóra agus na nOifigeach Comhionannais. Tá na heagraíochtaí a raibh ionadaíocht acu ar an bhFóram Comhairliúcháin ag deireadh na bliana 2012 liostaithe in Aguisín 2.

## Suíomh Idirlíne

Tá úsáid á baint as suíomh idirlíne an Bhinse ag www.equalitytribunal.ie i gcónaí mar acmhainn thábhachtach d'fhoireann an Bhinse agus do chustaiméirí araon. Tá faisnéis ar fáil ar an láithreán gréasáin faoi chomhionannas fostaíochta, faoi stádas comhionann agus faoi nósanna imeachta idirghabhála. Tá a chuid bileog faisnéise ar fáil i mBéarla, i nGaeilge, i bPolainnis, i Rúisis agus i bhFraincis. Tá cinntí uile an Bhinse sa bhunachar sonraí cinntí agus ligeann an fheidhm chuardaigh d'úsáideoirí cinntí sonracha a shainaithint faoi raon critéar cuardaigh. Tá reachtaíocht chomhionannais le fáil ar an suíomh idirlíne freisin. Déanann an Binse cinntí a uaslódáil chuig an láithreán gréasáin an tríú Luan de gach mí tar éis an cinneadh a eisiúint chuig na páirtithe.

## An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Mar chuid den CBFF i rith na bliana, comhlánaíodh foirmeacha ról-phróifíle agus críochnaíodh athbhreithnithe feidhmíochta don fhoireann go léir. T Déanann an córas soiléireacht a sholáthar ar mhodh struchtúrtha maidir le róil agus le freagrachtaí na foirne agus maidir le bainistiú feidhmíochta. Déanann sé fóram luachmhar a sholáthar freisin maidir le riachtanais oiliúna a shainaithint.

## Aguisín 1: Tuarascáil Airgeadais don bhliain 2012

| | € |
|---|---|
| Pá: | 1,752,000 |
| Neamh-phá: | 507,000 |
| IOMLÁN | 2,259,000 |

Ba iad seo a leanas na príomhréimsí i dtaca le caiteachas neamh-phá:

| | € |
|---|---|
| Cóiríocht | 108,000 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | 58,000 |
| Cúrsaí Dlí | 146,000 |
| Leabharlann | 16,000 |
| Trealamh Oifige | 20,000 |
| Teileafón & Postas | 61,000 |
| Oiliúint | 30,000 |

D'éirigh caiteachas €15,000 as cásobair a raibh gá le héisteachtaí a sheoladh ina leith in áiteanna lasmuigh de cheanncheathrú an Bhinse Comhionannais.

**Úsáid Fuinnimh agus Athchúrsáil**

De réir Chinneadh S180/20/10/0269 ón Rialtas maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh i bhFoirgnimh na hEarnála Poiblí, déanann an Binse Comhionannais bearta chun laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh, lena n-áirítear páirt a ghlacadh i nDreasacht Laghdaithe Éilimh Geimhridh BSL i socruithe athchúrsála le haghaidh páipéir agus gloine agus le haghaidh cartús tonóra do phrintéirí agus do chóipirí.

**Íoc pras cuntas**

Lean an Binse Comhionannais den Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a chomhlíonadh.

## Aguisín 2: An Fóram Comhairliúcháin amhail ag deireadh na bliana 2012

Comhairle Bharra na hÉireann

An tÚdarás Comhionannais

An Dlí-Chumann Corpraithe

Cónaidhm Ghnó agus Fostóirí na hÉireann

Comhar Ceardchumann na hÉireann

Cónaidhm Árachais na hÉireann

Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann

An Chónaidhm Náisiúnta Leispiach agus Gay

Comhairle Náisiúnta na mBan

People with Disabilities in Ireland Ltd

## Aguisín 3: Cairt Eagrúcháin an Bhinse Comhionannais

**(amhail ar an 31 Nollaig 2012)**

| | | |
|---|---|---|
| | ***An Stiúrthóir***<br>*Niall McCutcheon* | |
| **Comhionannas Fostaíochta** | **Stádas Comhionann** | ***Bainistíocht Dhlíthiúil/Rúnaíocht*** |
| **Ceann Comhionannais Fostaíochta**<br>Deirdre Sweeney | **Ceann Stádais Chomhionainn**<br>Elaine Cassidy* | ***Comhairleoir Dlí/Ceann Rúnaíochta***<br>*Síle Larkin ** |
| **Oifigigh Chomhionannais****<br>Stephen Bonnlander *<br>Vivian Jackson *<br>Orla Jones<br>Orlaith Mannion *<br>Conor Stokes *<br>Valerie Murtagh * | **Oifigigh Chomhionannais ****<br>Marian Duffy *<br>Peter Healy<br>Hugh Lonsdale * | ***Cláraitheoir/ Bainisteoir na Rúnaíochta***<br>*Brenda Ward ** |
| | | ***Leas-Chláraitheoir/ Bainisteoir an Aonaid Rúnaíochta***<br>*Marcus Maginnis* |
| | | ***Oifigeach Feidhmiúcháin***<br>*Tony Mulhaire* |
| | | ***Oifigigh Thacaíochta***<br>*Damien Byrne*<br>*Roisin Cahill*<br>*Amanda Cullen*<br>*Susan Fetton*<br>*Nigel Hickey*<br>*Liam O'Connell*<br>*Noel Kelly*<br>*Grainne Sullivan*<br><br>***Oifigeach Tacaíochta an Aonaid Dlí***<br>*Deirdre McCormack* |
| | | ***Oifigigh Sheirbhísí***<br>*John Fitzgerald*<br>*Joe Pettigrew* |

D’fhág na baill foirne a leanas an Bhinse sa bhliain 2012:

- Tara Coogan
- Catherine Jestin
- James Kelly
- Enda Murphy
- Gary O’Doherty
- Martin Kehoe
- Frank Bergin
- Mary Daly
- Stephen Laffan

* *Tá róil dhéacha ag na daoine seo den fhoireann. Gníomhaíonn deichniúir mar Oifigigh Chomhionannais Idirghabhála (idirghabhálaithe) freisin.*

** *Déanann gach Oifigeach Comhionannais imscrúdú ar Chásanna Fostaíochta agus ar Chásanna Stádais Chomhionainn araon.*